Ionad Léinn um Theanga agus Chumarsáid, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

2008

Daoine Óga agus Teangacha Mionlaigh:
Úsáid teanga lasmuigh den seomra ranga

Pádraig Ó Riagáin
Glyn Williams
F. Xavier Vila i Moreno

Tugtar faoi deara, le do thoil
Tá leagan iomlán den tuarascáil seo ar fáil ar shuíomh gréasáin
Chomhairle na Gaelscolaíochta www.comhairle.org

COMHAIRLE
NA GAELSCOLAÍOCHTA

ultach

Réamhrá

Tá Comhairle na Gaelscolaíochta ag iarraidh roinnt rudaí a bhaint amach le foilsiú an achoimre seo de thuarascáil taighde ar Daoine Óga agus Teangacha Mionlaigh: Úsáid teanga lasmuigh den seomra ranga.

1. Táimid ag iarraidh tacú le daoine atá ag plé le himeachtaí óige Gaeilge trí threoir a chur ar fáil dóibh ar chuid de na nithe atá tábhachtach, má tá na himeachtaí óige agus na struchtúir le cur le húsáid na Gaeilge i measc daoine óga;
2. Táimid ag iarraidh treoir a chur ar fáil do lucht déanta polasaí sna forais atá ag plé le struchtúir óige thuaidh agus theas i leith na riachtanas atá ag na pobail Ghaeilge agus struchtúir óige á mbeartú dóibh;
3. Táimid ag iarraidh treoir agus ábhar machnaimh a chur ar fáil do na heagraíochtaí Gaeilge le cur le héifeacht a gcuid iarrachtaí i leith aosa óig na Gaeilge; agus
4. Táimid ag iarraidh tuilleadh taighde a spreagadh ar an cheist seo úsáid na Gaeilge i measc aos óg na Gaeilge, go háirithe i measc aos óg na gaelscolaíochta.

Aithnítear go forleathan nach dtig leis an tumoideachas páistí a thabhairt ach fad áirithe ar thuras an dátheangachais fheidhmigh. Is é an modh is éifeachtaí é i dtaca le sealbhú teanga bhreise de, agus is é an modh is éifeachtaí é i dtaca le forbairt ghnás úsáidte na teanga breise i suímh ar leith. Mar sin féin, ní chruthóidh an tumoideachas as féin teaghlaigh labhartha Gaeilge ná pobail, mura bhfuil struchtúir eile thacaíochta ann le deiseanna úsáidte Gaeilge a chur ar fail, deiseanna a chothóidh gnás úsáidte na Gaeilge i measc an aosa óig.

Is léir ón bheagán taighde atá foilsithe go hidirnáisiunta ar an cheist seo, nach leor imeachtaí óige agus struchtúir iontu féin le gnás úsáidte na teanga breise a chothú i ndaoine óga; is minic is í an mhórtheanga, atá ina chéad teanga ag na daoine óga, a bhíonn i réim, mura bhfuil dálaí ar leith i bhfeidhm.

Tá an tuairisc ghairid seo ina achoimre seo ar shaothar níos iomláine taighde a rinne scagadh ar a bhfuil déanta de thaighde go hidirnáisiúnta ar an cheist seo. Tugadh iarraidh, sa phríomhthaighde, a bhfuil le foghlaim ón taighde idirnáisiúnta a dhéanamh fóirsteanach do dhálaí na Gaeilge. Is é atá san achoimre seo, leagan gairid de na príomhphointí sa bhunsaothar.

Ó thuaidh tá thar 600 dalta anois sa dá bhliain dheireanacha dá mbunscolaíocht agus thar 600 san iar-bhunscolaíocht i mBéal Feirste, in Ard Mhacha agus i nDoire. Má tá na daoine óga seo le gnás a dhéanamh de bheith ag úsáid na Gaeilge taobh amuigh dá scoileanna, is éigean deiseanna a chur ar fáil dóibh le go dtig leo teacht le chéile i dtimpeallacht a spreagfaidh iad le húsáid a bhaint as an Ghaeilge atá sealbhaithe acu sa scoil. Caithfidh na deiseanna sin úsáid na Gaeilge a chothú, sin a spreagadh agus a bheith ina ndeiseanna a mbeidh daoine óga toilteanach leas a bhaint astu.

Is í ár súil go gcuirfidh an taighde seo caibidil ar bun i measc lucht forbartha na Gaeilge, go spreagfaidh sé tuilleadh taighde, agus, ina easpa sin, go dtabharfaidh sé treoir dóibh siúd atá ag glacadh orthu féin na freagrachta deiseanna úsáidte Gaeilge a chur ar fáil dár n-aos óg.

Clár

CLÁR ÁBHAIR		Ich
1.	Brollach	1
2.	Roinnt Eochairchinntí	2
3.	Roinnt modhanna Socheolaíochta i leith an Staidéir ar Iompar Sóisialta agus Teangeolaíoch Ógbhaidhe	3 - 4
4.	Poblacht na hÉireann	5 - 6
5.	An Bhreatain Bheag	7 - 8
6.	An Chatalóin agus Ceantar na mBascach	9 - 10
7.	Tuaisceart Éireann	11 - 12
8.	Idirphlé agus Tátail	13 - 14

Caibidil a hAon - Brollach

STAIR AN TIONSCADAIL

I Samhain 2006, thosaigh foireann taighde faoi stiúir an Ollúna Pádraig Ó Riagáin, Ionad Léinn um Theanga agus Chumarsáid, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, ar imscrúdú a dhéanamh ar na tionchair shochtheangeolaíocha a bhíonn ag gníomhaíochtaí iarscoile ógbhaidhe atá ag freastal ar scoileanna dara leibhéal:

(a) mar a bhfuil siad á dteagasc tríd an dara teanga agus
(b) mar a bhfuil an teanga scoile seo mar mhionteanga chomh maith laistigh den dlínse pholaitiúil ábhartha.

Ba iad Comhairle na Gaelscolaíochta i bpáirt le hIontaobhas ULTACH (foras forbartha Gaeilge trasphobail) a choimisiúnaigh an taighde. Críochnaíodh an tuarascáil dheiridh i Lúnasa 2007.

CÚLRA AN TIONSCADAIL

Is tréimhse bharrtháibhachtach í na blianta déagóra maidir le héablóid dearcaí i leith mionteanga agus féadann an taithí a fhaigheann daoine óga ag an phointe ama seo iad a spreagadh chun an teanga a úsáid i gcónaí, sin nó creimfear agus caillfidh siad na scileanna teanga acu. De réir taighde, i gcás bhunús na ndaltaí dátheangacha a théann ar scoileanna lasmuigh den Ghaeltacht, stopann siad d'úsáid na Gaeilge ar fhágáil na scoile dóibh. Dá bhrí sin, is mórábhar imní é seo acu siúd atá freagrach as polasaí teanga Gaeilge.

Laistigh den staidéar, tugadh aird ar leith ar ról gréasán sóisialta áitiúil i measc ógánach chomh maith leis na próisis sheachtracha is leithne a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar theanga pobail.

Seo thíos aidhmeanna an staidéir:

1. An tionchar atá ag gníomhaíocht iarscoile i mionteangacha thar réimse sochaithe a shainaithint agus a mheasúnú maidir leis an toil chun an teanga a úsáid agus úsáid teanga lasmuigh de chomhthéacsanna foirmeálta scoile;
2. Scothchleachtas a aithint, aon áit a raibh fianaise ar fáil;
3. Luach gníomhaíochtaí iarscoile a mheasúnú maidir leis an toil chun an teanga a úsáid, úsáid teanga agus dea-mhéin i leith na teanga i measc ógbhaidhe 11–18 mbliana sa suíomh iarscoile i dTuaisceart Éireann;
4. An múnla/na múnlaí agus an scothchleachtas is fearr amuigh a mholadh lena n-úsáid i dTuaisceart Éireann chun déagóirí a spreagadh le leanstan den Ghaeilge a úsáid lasmuigh den chomhthéacs fhoirmeálta scoile.

MODHEOLAÍOCHT

Cuimsíodh na nithe seo a leanas sa chlár taighde:

(a) Athbhreithniú, ó pheirspictíocht riachtanais pleanála teanga, ar an anailís fheidhmeach ar ghréasán sóisialta in achar an bheartais shóisialta lena n-áirítear an méid a bhain le daoine óga;
(b) Athbhreithniú ar litríocht taighde, taighde a bhain le gréasán sóisialta go háirithe, a bhain le húsáid iarscoile na Gaeilge (chomh maith leis an Bhreatnais, Catalóinis, Bascais agus an staid Vailéinsiseach agus Bhailéarach);
(c) Próifíl shochtheangeolaíoch de chainteoirí Gaeilge 11–18 mbliana i dTuaisceart Éireann;
(d) Breithmheas ar roinnt cur chuige ó thaobh polasaí de a d'fhéach le dul i gcion ar chineál, scála nó shuíomh gníomhaíochtaí iarscoile chun spriocanna polasaí teanga sonracha a bhaint amach;
(e) Moltaí bunaithe ar na straitéisí cibé a d'éirigh leo agus/nó a bhfuil an ghealladh is fearr fúthu.

Caibidil a Dó - Roinnt Eochairchinntí

- Cé go bhféadfadh sé go bhfuil ag éirí le pobail mhionteanga cur le líon na bpáistí i gcláir thumoideachais agus ardchaighdeáin a fhorbairt sna scileanna scríbhneoireachta, táthar imníoch nach bhfuil forbairt shásúil á déanamh ar úsáid 'shóisialta' na teanga i gcomhthéacsanna lasmuigh den scoil.
- Tá an suíomh neamhscoile barrthábhachtach i dtreo gréasáin labhartha Gaeilge a bhunú.
- De réir taighde, tá tionchar nach beag ag tuismitheoirí a labhraíonn Gaeilge sa bhaile ar úsáid teanga sa bhaile agus lasmuigh den teaghlach araon.
- Tosca eile maidir le húsáid teanga laistigh de ghréasáin shóisialta lasmuigh de thimpeallacht na scoile is ea iad cúlra socheacnamaíoch mac léinn, an fad ama a chaitheann siad i mbun oideachais agus cé acu i dtreo ollscoile nó fostaíochta a rachaidh siad mar an chéad chéim gairme eile acu.
- Tá cailíní níos measa as ná buachaillí maidir le teacht ar ghníomhaíochtaí lasmuigh den scoil mar a n-úsáidtear Gaeilge.
- Tá naisc idir scoileanna agus an timpeallacht oibre tábhachtach. De réir taighde go leor atá déanta tá úsáid teanga sa láthair oibre lán chomh tábhachtach maidir le gréasáin de phobail labhartha Gaeilge a fhorbairt i measc ógánach óg agus atá scoileanna lán-Ghaeilge do mhic léinn is óige.
- Creidtear ról a bheith ag gníomhaíochtaí struchtúrtha iarscoile chun an scoil a nascadh leis an chomhthéacs lasmuigh den scoil, agus go neartaítear dá mbarr na piarghréasáin labhartha Gaeilge a bhunaítear ar scoil.
- Toisc go bhfuil an líon daoine óga sa ghaeloideachas measartha beag is féidir go gcaithfear ógánaigh ó scoileanna eile a mhealladh le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí pobalbhunaithe, mar shampla, na scoileanna siúd ina dteagasctar an Ghaeilge mar ábhar.

Caibidil a Trí - Roinnt modhanna Socheolaíochta i leith an Staidéir ar Iompar Sóisialta agus Teangeolaíoch Ógbhaidhe

Pádraig Ó Riagáin

TIONCHAIR AR FHORBAIRT – DAOINE FÁSTA NÓ PIARAÍ

I gcás bhunús na dteoiricí a bhain le forbairt páistí agus daoine óga riamh anall go dtí na 1960 ba ar thionchar daoine fásta ar a n-iompar a cuireadh béim agus ba bheag aird a tugadh don idirghníomhú i measc daoine óga iad féin. Ach ar aithint do lucht taighde go raibh an cur chuige seo an-chúng agus, laistigh de chomhthéacs iarchogaidh inar mó an t-am a bhí á chaitheamh ag daoine óga ar scoil, thiontaigh siad ar a n-aird ar thábhacht na bpiarthionchar ar fhorbairt. Leag saothar J Coleman (1961), mar shampla, béim ar fhoirmiú piarchultúir a bhí glanscartha amach ó thionchair tuismitheoirí agus neamhspleách air. Maíodh go raibh ógbhaidh tar éis iad féin a scarúint amach ón tsochaí aosach agus go raibh siad 'neadaithe laistigh de chultúr ar leithligh gona luachanna agus a chóid iompair féin a raibh sé deacair ag daoine fásta briseadh isteach ann.' (Youniss, 1994).

ILCHINEÁLACHT TIONCHAR

Ach, le himeacht aimsire, léirigh staidéir go bhfuil tionchair iompraíochta iomadúil agus ilchineálach. I gcás tíortha ina raibh teorainneacha aicme soiléire fréamhaithe go daingean sa stair acu, amhail an Bhreatain, mar shampla, tá aitheanta riamh anall go n-imríonn aicme shóisialta tionchar nach beag ar an dóigh a bhfoirmíonn déagóirí grúpaí agus i SAM tá léirithe gur príomhthoisc é an t-eitneachas (Meicsiceach, Áiseach srl).

Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann le hiomláine na gcaidreamh sóisialta a bhíonn ag ógbhaidh ina saol thosaigh lucht taighde ar imscrúdú a dhéanamh ar na daoine suntasacha i ngréasáin shóisialta an ghrúpa seo lena fháil amach cén tionchar a d'imir siad siúd ar iompar. Sa staidéar a rinne Bo (1996) ar 174 ógbhaidh cúig bliana déag agus sé bliana déag de chuid na hIorua fuair sé amach go raibh gréasáin shóisialta aosach agus a sleachta ag luí isteach ar a chéile agus, i dtaca le gréasáin ógbhaidhe de, go raibh an chrios ba mhó dlúthchairdeas comhdhéanta de phríomhbhaill teaghlaigh agus de rogha de dhlúthchairde agus de bhaill an teaglaigh fhorleanaithe. Mhaigh Bo gur lú i bhfad an seans go dtarlóidh forás pearsanta i ngréasán beag pearsanta atá measartha 'druidte' ná i gceann atá níos oscailte agus níos ilchineálaí. Léirítear i staidéar breise go n-imríonn leibhéal oideachais tuismitheoirí agus líon na ndaoine fásta neamhghaolmhara i ngréasáin shóisialta ógbhaidhe tionchar dearfach maidir le feidhmíocht scoile, neamhláithreachas níos ísle agus iompar sóisialta is fearr.

ÉIFEACHT AN GHRÉASÁIN SHÓISIALTA

Maidir le tionchar an ghréasáin shóisialta ar fhorbairt agus ar úsáid teanga, léirítear i staidéar a rinne Milroy (1980) bunaithe ar thaighde a rinneadh i gceantair lucht oibre i mBéal Feirste mar is dlúithe an caidreamh idir daoine aonair i bpobal mar is dóichí go nglacfaidh siad chucu a gcuid norm féin maidir le hiompar teangeolaíoch agus iad a choinneáil. I gcásanna nach mbíonn na struchtúir chomh dlúth céanna is amhlaidh is dóichí go rachaidh na patrúin teanga is forleithne i gcion ar dhaoine aonair. Tarlaíonn seo, de ghnáth, má bhíonn athrú ar an staid shocheacnamaíoch.

ATHRÚ AGUS NUÁLAÍOCHT THEANGEOLAÍOCH

Rinne Kerswill & Williams (2000) imscrúdú ar an ról atá ag gréasáin shóisialta ógbhaidhe maidir le patrúin nua theanga a thabhairt isteach. Fuair siad amach go bhfuil an cineál úsáidte teanga bainteach le céimeanna forbraíochta éagsúla, le hathruithe i dtreoshuíomh an duine óig i leith daoine eile agus leis an phróiseas foirmithe piarghrúpa. Bíonn an chaint neamhchaighdeánach in uachtar san ógántacht 'láir', mar shampla, toisc an piarghrúpa a bheith in uachtar sa tréimhse sin. Léirigh an staidéar acu go raibh gaol idir athrú teangeolaíoch agus a fhusa a bhí sé gréasáin shóisialta a bhunú i bpobail. Fuair siad amach go gcuireann gréasáin dhlútha suas d'athrú muna dtagann athrú via 'duine ón taobh istigh' a bhfuil teagmhálacha aige in áiteanna eile agus gurb iad na daoine óga a bhfuil na hacmhainní agus na teagmhálacha sóisialta acu ceannródaithe na nuálaíochta teanga.

POBAIL CHLEACHTAIS

Dhírigh staidéir eile aird ar 'phobail chleachtais' mar mhúnla mar a mbíonn comh-idirghníomhú rialta, rannpháirtíocht i gcomhfhiontar agus roinnt stór (lena n-áirítear acmhainní teangeolaíocha) chun tosaigh. Is é an príomhsmaoineamh atá taobh thiar de 'phobail chleachtais' ná 'de bhua iad a bheith gafa thar thréimhse ina ngníomhaíochtaí iarracht, go n-aimsíonn rannpháirtithe i ngrúpaí bealaí chun rudaí a dhéanamh i gcomhar lena chéile' (Eckert & Connell-Giner, 1997). I 1989, i staidéar a rinneadh i roinnt ardscoileanna in Detroit, fuair Eckert amach go raibh baint ag an timpeallacht shóisialta agus eacnamaíoch i gcoitinne le húsáid agus forbairt teanga. Fuarthas amach go raibh mic léinn meánaicmeacha fócasaithe ar an scoil agus ar ullmhú don choláiste, ach go raibh mic léinn lucht oibre claonta i dtreo fostaíochta díreach ar fhágáil na hardscoile dóibh. Fuarthas amach gur imir treoschuíomhanna éagsúla an dá ghrúpa seo tionchar maidir leis na foirmeacha difriúla teanga coitinne agus na cleachtais theangeolaíoch a ghlac siad chucu féin.

TÉAMAÍ AG TEACHT CHUN CINN

Cé go bhfuil an staidéar ar iompar sóisialta agus teangeolaíoch ógbhaidhe go fóill i mbéal a fhorbartha, go fóill féin tá roinnt téamaí ag teacht chun cinn lena n-áirítear a thábhachtaí atá aicme shóisialta, an t-eitneachas, an comhthéacs leathan ina gcónaíonn siad agus an tionchar a imríonn brúnna institiúideacha ó bharr anuas. Toisc eile is ea í aois an duine aonair chomh maith leis an tábhacht a bhaineann leis an idirghníomhú le tuismitheoirí agus daoine fásta eile. Luann taighde chomh maith na sochair oideachasúla do dhaoine óga as gníomhaíochtaí fóillíochta struchtúrtha a bheith á gcur ar fáil sa phobal (Cottrell, 1996).

Caibidil a Ceathair - Poblacht na hÉireann
Pádraig Ó Riagáin

I bPoblacht na hÉireann is beag taighde ábhartha a bhaineann go díreach leis an cheist seo atá déanta. Níl ach dhá shampla ann a thugann faoi ghréasáin shóisialta rannpháirtithe taighde a mhapáil go mionsonrach inchainníochtúil. Rinneadh ceann acu seo sna ceantair Ghaeltacht i 1973–4, agus an dara ceann i gcathair na Gaillimhe i 1998. Ní bhaineann ceachtar acu go sonrach leis an aoisghrúpa atá i gceist sa staidéar seo, cé go bhfuil an dara ceann fócasaithe ar dhaoine 18–35 bliana d'aois.

Tá líon beag staidéar eile ann a d'úsáid coincheap an ghréasáin shóisialta ar bhealach nach raibh chomh dian céanna chun imscrúdú a dhéanamh ar phatrúin teanga i dteascóga éagsúla laistigh de ghréasáin shóisialta m.sh. teaghlach, gaolta, cairde, comhghleacaithe oibre srl. As a measc siúd, is é an ceann is úsáidí agus is ábhartha sa chomhthéacs láithreach ná staidéar 1979 de theaghlaigh agus de pháistí ag freastal ar ghaelscoileanna i gceantar Bhaile Átha Cliath. I roinnt suirbhéanna mórscála náisiúnta cuimsíodh líon teoranta ceisteanna faoi chomhthéacsanna ina n-úsáideann freagróirí an Ghaeilge.

Ar an iomlán, ba as an phobal aosach a tógadh freagróirí sna staidéir thuas, ach ainneoin na laigí seo, tugann na staidéir ina n-iomláine roinnt léargas úsáideach atá infheidhme chun measúnú a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge i ngréasáin shóisialta ógbhaidhe.

SUIRBHÉANNA NÁISIÚNTA

Rinneadh trí cinn de shuirbéanna náisiúnta i 1973, 1983 agus 1993 faoi seach. I 1973, mhaigh díreach faoi bhun dhá dtrian den sampla 'nach n-úsáideann daoine sa chiorcal agam an Ghaeilge ar chor ar bith'; in 1983 agus 1993 bhí an chomhréir tar éis ardú go dtí díreach os cionn trí cheathrú a chuir in iúl go raibh meath tar éis teacht ar úsáid. I ngach ceann de na trí shuirbhé bhí líon ard ceisteanna faoi úsáid na Gaeilge, inar cuimsíodh réimse ó ghnáthchomhrá go dtí comhthéacsanna éagsúla, amhail an baile, an láthair oibre, seirbhísí réiligiúnda, na mórmheáin chumarsáide, gníomhaíochtaí sóisialta agus fóillíochta. Chuir idir aon séú agus aon chúigiú den sampla in iúl gur úsáid siad an Ghaeilge 'go minic' nó 'roinnt uaireanta' ó d'fhág siad an scoil. Ach, nuair a cuireadh an cheist is sonraí faoin úsáid a bhain siad as an Ghaeilge sa tseachtain roimhe, roinneadh na comhréireanna ina dhá leath go dtí thart ar 10%. I 1993, thuairiscigh freagróirí gur úsáideadh an Ghaeilge (sa tseachtain roimhe) le gaolta (52%), le cairde (46%) agus le comhghleacaithe oibre (23%).

Tá gaol intuartha idir leibhéil chumais sa Ghaeilge agus úsáid na Gaeilge i gcomhrá. I 1973 nuair a cuireadh ceist faoin méid Gaeilge a d'úsáid siad lasmuigh den scoil le linn a mblianta ar scoil tháinig sé chun solais go raibh an ráta úsáidte ag brath ar an teagmháil a bhí acu leis an teanga ar scoil.

STAIDÉAR GRÉASÁIN CILAR (GAELTACHT) 1973

I 1973 rinneadh taighde gréasáin shóisialta i gceantair Ghaeltachta Chiarraí, na Gaillimhe agus Dhún na nGall, inar roghnaíodh 'croícheantar' agus ceantar 'imeallach' i ngach cás. Cuireadh agallamh cuimsitheach ar fiche duine fásta maidir leis na comhghleacaithe oibre, baill teaghlaigh agus comharsana a raibh siad i dteagmháil leo. Cuireadh ceisteanna faoi úsáid, thiomantas agus chumas teanga. Fuarthas amach go raibh gaol soiléir idir an rogha teanga acu agus an fad ama a raibh aithne acu ar dhaoine eile. I gcás freagróirí sna ceantair imeallacha, bhí comhréir dhá oiread níos airde de bhaill as ceantair Bhéarla shorochtana áitiúla sna gréasáin acu agus bhi cumas freagrach as athraitheas is mó i labhairt na Gaeilge. Breathnaíodh ar labhairt na Gaeilge mar fheidhm de dhlúthchaidreamh na gcaidreamh sóisialta acu.

I gceantair Ghaeltachta, ba léir go raibh roghnú teanga á rialú ag difríochtaí stádais. Ba iad na daoine ab airde stádas maidir le haois, sinsearacht poist nó stádas sóisialta na daoine a chruthódh éirim na n-idirghníomhaíochtaí teanga.

San aoisghrúpa idir an scoil a fhágáil agus dul ar ollscoil nó i mbun fostaíochta, sin le rá 16–23 bliana d'aois, tugadh faoi deara go raibh titim shuntasach sa tiomantas maidir le húsáid na Gaeilge. Is féidir go gcuireann seo in iúl go mbreathnaítear ar an Bhéarla mar mheán stádais agus soghluaiseachta agus go bhfuil an Ghaeilge bainteach le háiteanna agus tosca a bhfuil daoine óga sna pobail seo ag iarraidh éalú uathu.

AN STAIDÉAR GRÉASÁIN SHÓISIALTA (GAILLIMH) 1997

Rinneadh staidéar Eorpach is leithne i 1997 inar scrúdaíodh úsáid na Gaeilge laistigh de ghréasáin shóisialta 21 duine óg san aoisraon 18–36 bliain i nGaillimh. Fuarthas amach nár labhair ach 17% de bhaill ghréasáin an Ghaeilge leis na freagróirí 50% den am ar a laghad. Fuarthas amach go raibh gaol idir buanú úsáid na Gaeilge agus úsáid teanga sa láthair oibre. Ach sa chás nár labhair céilí nó comhghleacaithe tí an Ghaeilge tuairiscíodh an teanga a bheith á húsáid ar bhonn is lú. Folaíonn tionchair dhiúltacha aistriú ó theach ina bhfuil ardchumas ag cuid den teaghlach ar a laghad go dtí teach ina raibh cumas íseal ag daoine, agus aistriú ó cheantar ina bhfuil an Ghaeilge i ngnáthúsáid go dtí ceantar gan Ghaeilge. Go hachomair, b'fhearr i bhfad a d'éirigh le cainteoirí dúchais comhréir ard cainteoirí Gaeilge a choinneáil sna gréasáin acu (ainneoin gur aistrigh siad go dtí an chathair i ngach cás) agus an Ghaeilge a úsáid leo araon. I gcás lucht dátheangach meánchumais, áfách, is beag cainteoir Gaeilge a bhí sna gréasáin acu agus is beag Gaeilge a labhair siad laistigh díobh. Dá bhrí sin, tá cumas an chórais oideachais chun lucht dátheangach ardchumais a tháirgeadh ríthábhachtach más mian linn go mbeidh bláth ar chúrsaí forbartha amach anseo.

TEAGHLAIGH SCOILEANNA LÁN-GHAEILGE (BAILE ÁTHA CLIATH) 1979

Bhí deich mbunscoil lán-Ghaeilge i gceantar Bhaile Átha Cliath i gceist sa staidéar seo. Cuireadh agallamh ar 110 máthair chun minicíocht agus dlús úsáidte na teanga a thomhas sular thosaigh páistí ar na scoileanna ábhartha agus ar fhágáil na scoile dóibh. Tháinig sé chun solais, sula ndeachaigh na páistí ar scoil, go raibh an-leisce ar thuismitheoirí an dátheangachas a bhunú sa bhaile ach gur tháinig méadú mór faoi úsáid na teanga mar gheall ar fhreastal ar scoil.

Maidir le húsáid na Gaeilge lasmuigh den bhaile, thuairiscigh 78% acu, amach ó theagmhálacha a bhí bainteach leis an scoil, go mbuailfeadh siad agus/nó a bhfir chéile le 'cainteoirí Gaeilge' mar a thug siad orthu ag am éigin nó a chéile; bhí 56% de na teagmhálacha seo bainteach le gníomhaíochtaí caitheamh aimsire agus 40% acu ar bhonn gnáthchomharsanachta.

Léirigh na cinntí chomh maith nasc an-dearfach a bheith ann idir teagmháil le scoileanna lán-Ghaeilge agus freastal orthu agus fás greásáin chairde a d'úsáid an Ghaeilge. B'fhíor é seo chomh maith i gcás na bpáistí.

TÁTAIL

Ainneoin gur beag faisnéis atá á soláthar ag na foinsí ar bhreathnaigh muid orthu maidir le húsáid na Gaeilge i measc páistí 12–18 mbliana, tagann 3 phointe ghinearálta chun solais ó na cinntí.

Ar an chéad dul síos, tá gaol láidir idir leibhéil chumais sa Ghaeilge agus úsáid shóisialta na teanga. Is iad siúd a bhfuil ardchumas suntasach sa Ghaeilge acu amháin a thuairiscíonn chomh maith an Ghaeilge a bheith in úsáid ag leibhéal ard sna gréasáin acu.

Sa dara dul síos, bíonn bonn institiúideach eagraithe mar dhúshraith faoin ghréasán i gcónaí nach mór, go háirithe i gceantair neamh-Ghaeltachta. I gcás daoine óga i nGaillimh is í an timpeallacht oibre an bonn sin, agus, i gcás tuismitheoirí agus daltaí, is í an scoil an bonn sin. Is i gcroí-cheantair Ghaeltachta amháin a bhíonn úsáid na Gaeilge ina bun-nós laistigh den phobal.

Sa tríú dul síos, i gcás cainteoirí meánchumais, má bhíonn cainteoirí Gaeilge sna gréasáin acu, is de thaisme faoi choinníoll ag próisis shóisialta eile a bheith i bhfeidhm a tharlaíonn sé seo. Tá gaol suntasach idir aicme shóisialta agus úsáid na Gaeilge agus athraíonn dáileadh spásúil lucht dátheangach Gaeilge / Béarla de réir sainghné aicmeach ceantar cónaitheach.

Caibidil a Cúig – Taighde Gréasáin Shóisialta sa Bhreatain Bheag

Glyn Williams

Le céad bliain anuas, tá an Bhreatnais ag dul i léig i dtéarmaí líon cainteoirí agus céatadáin araon de. I 1901, bhí an Bhreatanis á labhairt ag thart ar mhilliún duine, sin le rá 50% de dhaonra na Breataine Bige. Ach, faoin bhliain 2001 bhí an líon seo tar éis titim go 21% den daonra, thart ar leathmhilliún cainteoir. Ach, i ndaonáireamh 2001 léiríodh méadú suntasach ar an líon cainteoirí Breatnaise sna haoisghrúpaí níos óige, go háirithe sa ghrúpa 5–9 mbliana, agus sna grúpaí 10–14 agus 15–19 mbliana chomh maith. Cúis amháin leis an mhéadú dhramatúil i 2001 is ea an ról méadaithe atá ag an Bhreatnais sa Churaclam Náisiúnta, mar a bhfuil sí á staidéar mar chroí-ábhar ag gach páiste idir 7–17 mbliana d'aois san oideachas lán-Bhreatnaise agus mar bhunábhar i scoileanna eile sa Bhreatain Bheag. Tá an Bhreatnais á húsáid mar phríomh-mheán teagaisc i 448 bunscoil sa Bhreatain Bheag agus tá 54 meánscoil sainithe mar mheánscoileanna Breatnaise.

Tá líon teoranta de staidéir thaighde ábhartha déanta ó na 1960í anall. Rinne siad na nithe seo a leanas a chíoradh:

- Ábhair imní faoi fhorasú úsáid na teanga a chreidtear a bheith ag tarlú ag aois luath;
- An gaol idir cainteoirí óga Breatnaise agus grúpaí, fiontair agus páirtnéireachtaí foirmeálta agus neamhfhoirmeálta éagsúla laistigh den earnáil phoiblí agus dheonach (in Gwynedd);
- Na tosca a spreag tuismitheoirí chun a gcuid páistí a chur ar scoileanna lán-Bhreatnaise tráth ar breathnaíodh ar an teanga mar mheán soghluaiseachta sóisialta;
- An gaol idir teanga, meath tionsclaíoch agus teacht chun cinn an náisiúnachais;
- Úsáid teanga agus a gaol le hinstitiúidí sóisialta (Evas and Williams (1997)).

Sa staidéar a rinne Evas agus Williams (563 freagróir thar 3 phobal) fuarthas amach go raibh úsáid na Breatnaise ag brath den chuid is mó ar dhlús teanga; ardscoileanna neamh-Bhreatnaise a bheith ann trínar leithlisíodh daltaí ó ghréasáin Bhreatnaise. Braitheadh gurb é an phríomhbhagairt a bhí ag an teanga ná an imirce isteach shubstaintiúil ó lasmuigh den Bhreatain Bheag. Fuathas amach i dtráchtas ollscoile le déanaí (Hodges 2006) úsáid na Breatnaise i ndiaidh fhágáil na scoile a bheith teoranta agus go raibh siblíní a tógadh le Breatnais sa bhaile féin claonta chun idirghníomhú le chéile tríd an Bhéarla, ach gur Breatnais a labhair siad lena dtuismitheoirí. Ba í an fhostaíocht an príomh-chomhtéacs inar úsáideadh an Bhreatnais, go háirithe ina measc siúd a bhí fostaithe i dTionól na Breataine Bige.

STAIDÉIR GHRÉASÁN SÓISIALTA

I staidéar comparáideach (Williams agus Williams 1998) ina raibh Éire, tír na mBascach, an Ghailís agus an Chatalóin páirteach, rinneadh taighde ar an aistriú ón scoil chuig obair agus an tionchar iarmhartach ar úsáid na Breatnaise i gcontae Gwynedd mar a bhfuil tumchlár Breatnaise do pháistí mar chuid den bhunoideachas ar fad san earnáil phoiblí agus aistriú de réir a chéile chuig teagasc dátheangach faoin am a slánaíonn an páiste aon bhliain déag. Ag an dara leibhéal, is iad oideachas lán-Bhreatnaise, oideachas Béarla nó oideachas dátheangach (mar a bhfuil sruthú de réir cumais sa Bhreatnais i gceist) na roghanna. Ceann de na príomhthátail a tháinig chun solais ab ea go raibh baol suntasach ann gur airgead amú a bheadh san infheistíocht shubstaintiúil a dhéanfaí i dteagasc na Breatnaise muna bhfaigheadh an "foghlaimeoir" Breatnaise fostaíocht i dtimpeallacht oibre mar a mbeadh fócas ar úsáid na Breatnaise. I gcásanna den chineál seo, cuireadh dlús leis an ghréasán Bhreatnaise agus tháinig feabhas suntasach ar chumas Breatnaise an fhostaí.

Rinne Bord na Breatnaise staidéar i 2006 inar fiosraíodh na gréasáin a bhí ag ceithre dhuine fichead idir 13–17 mbliana d'aois i 14 cheantar, sampla foriomlán de 336 duine. Roghnaíodh rannpháirtithe ar chumas Breatnaise a dteaghlach agus roinneadh iad ar an bhonn cé acu a bhí bunoideachas lán-Bhreatnaise acu nó nach raibh. Bhí fócas ar idirghníomhú piarghrúpa agus pobail araon.

I gcás pobal ina raibh ardchumas sa Bhreatnais fairsing agus an imirce isteach teoranta, fuarthas amach brú suntasach a bheith ann ón phiarghrúpa, ón phobal agus ó institiúidí áitiúla chun an teanga a úsáid. B'ann do ghrúpaí agus phobail teanga shainiúla, chomh maith, ina bhfuil úsáid na Breatnaise nó an Bhéarla in uachtar nó beo taobh le taobh i gcomhthreo, agus is ann do cheantair ina bhfuil an grúpa Breatnaise á asamhlú go mear isteach i gcomhthéacs inarb é an Béarla an phríomhtheanga. Sa chás dheireanach, breathnaítear ar an scoil mar phríomhghníomhaireacht úsaidte na Breatnaise agus is beag Breatnais a úsáideann an piarghrúpa fiú amháin ina measc siúd inarb í an Bhreatnais an teanga tí acu. Tarlaíonn seo cuid mhaith in áiteanna inar tharla imirce isteach shuntasach le blianta beaga anuas.

IMPLEACHTAÍ CHÁS NA BREATAINE BIGE DON STAIDÉAR SEO

Má bhaintear leas in Éirinn as taithí chásanna na Breataine Bige a ndearnadh athbhreithniú orthu is léir, i dtaca le gréasáin piarghrúpa chainteoirí a shealbhaigh an Ghaeilge mar dhara teanga, má fhágtar fúthu féin iad, nach dócha go mbainfidh siad úsáid aisti mar Ghaeilge agus go bhfuil idirghabháil dhíreach de chineál éigin riachtanach. Ainneoin gur gá glacadh san áireamh nach mór gach cás áitiúil a mheasúnú leis féin chun tosaíochtaí ábhartha a fheileann do thosca áitiúla a leagan síos, d'fhéadfadh na moltaí thíos maidir leis an Bhreatnais a bheith úsáideach i gcás Thuaisceart Éireann (mar arbh fhéidir 'Gaeilge' seachas 'Breatnais' a chur isteach)

- Líon na dteaghlach a úsáideann an Bhreatnais a choimeád agus a mhéadú;
- Líon na scoileanna ina n-úsáidtear an Bhreatnais mar phríomh theanga nó mar an t-aon mheán oideachais agus riaracháin a choimeád agus a mhéadú;
- Mír ar oideachas um feasacht teanga a thabhairt isteach sa churaclam "Oideachas Pearsanta agus Sóisialta";
- Oiliúint chuí a fhorbairt d'oibrithe óige agus eile maidir le bealaí uileghabhálacha i leith úsáid na Breatnaise;
- Deiseanna a sholáthar do dhaoine óga caidreamh sóisialta a dhéanamh sa Bhreatnais lasmuigh den scoil;
- Oibrithe teagmhála óige a thabhairt isteach chun an Bhreatnais a chur chun cinn sa phobal agus ar scoil araon;
- Cur le líon na n-institiúidí suntasacha a threisíonn úsáid na Breatnaise sa phobal;
- Stádas amhairc agus luach sóisialta na Breatnaise sa phobal a mhéadú.

Caibidil a Sé – An Chatalóin agus Tír na mBascach
F. Xavier Vila i Moreno

Is tír í an Spáinn ina labhraítear teangacha agus canúintí go leor. Labhraítear an Chatalóinis feadh chósta an oirthir - an Chatalóin, Vailéinsia agus na hOileáin Bhailéaracha. Labhraítear an Bhascais sa cheantar Bhascach den Spáinn Láir Thuaidh agus sa cheantar thadhlach d'Iardheisceart na Fraince. Ní hionann an fhorbairt a tháinig ar úsáid teangacha, polasaí oideachais agus comhtháthú laistigh de struchtúir riaracháin thar na cheantair thíreolaíocha. Tá an taighde a bhaineann leis an tuarascáil seo le fáil sna suirbhéanna daonairimh agus i staidéir shocheolaíochta ghinearálta ar ógbhaidh.

I dtéarmaí ginearálta, ba theangacha íochtaráin iad an Chatalóinis agus an Bhascais araon ar feadh roinnt déagaí de bhlianta sa mhéid is go raibh cosc ar an dá theanga, ar chúinsí polaitiúla, sa réimse oifigiúil agus go rabhthas ag súil leis go n-iompódh cainteoirí an dá theanga ar theanga an stáit (an Spainnis, ar a dtugtar an Chaistílis chomh maith) laistigh de roinnt mhaith cásanna idirphearsanta agus institiúideacha. Tar éis bhás Franco (1975) agus ar ghlacadh le bunreacht daonlathach Spáinneach (1978), ullmhaíodh polasaithe chun úsáid an dá theanga a leathnú amach agus tugadh an-aird ar cheisteanna a bhain le teanga-san-oideachas. Ainneoin, áfach, go ndearna an dá theanga dul chun cinn sa chóras oideachais, i réimsí foirmeálta agus sna mórmheáin chumarsáide, agus ainneoin go raibh méadú faoin líon daoine, agus daoine óga go háirithe, a bhí cumasach sa dá theanga, go fóill féin ba bheag fianaise a bhí ann go raibh aon fhás suntasach tar éis teacht ar úsáid idirphearsanta na Catalóinise ná na Bascaise.

Agus míniú á lorg acu, tharraing roinnt taighdeoirí aird ar an chaidreamh dhiúltach a bhíonn ag na teangacha seo le hinstitiúidí agus grúpaí sóisialta áirithe. I gcás daoine óga a raibh an Chaistílis ó dhúchas acu, mar shampla, rinneadh an argóint go raibh an Chatalóinis tar éis a bheith ceangailte leis an scoil agus, ar bhealach éigin, le húdaráis áitiúla (Pujolar 1996). Cuireadh an Chatalóinis chun tosaigh mar theanga a bhí easnamhach maidir le héagsúlacht shóisialta agus stíle de ach, i gcás na Caistílise, go bhfacthas do dhéagóirí ísealaicmeacha uirbeacha ar a laghad gur teanga í a d'fhéadfaí a úsáid ar bhonn sóisialta is leithne. Rinneadh an argóint chomh maith go raibh an ceangal mothúchánach leis an teanga á chailleadh ag an ghlúin óg, agus nár breathnaíodh a thuilleadh ar labhairt na Catalóinise mar shiombail fhrith-dheachtóireachta.

Faoi dheireadh na 1990í agus tús na 2000í, tháinig sonraí nua faoi úsáid agus chumas teanga chun tosaigh inar cuireadh faisnéis bhreise ar fáil faoi iompraíocht theanga daoine óga. Thacaigh seo leis an dearcadh nárbh ionann an méadú sa chumas teanga i measc ógbhaidhe, nárbh ionann sin agus an Chatalóinis ná an Bhascais a bheith in úsáid ar bhonn is leithne.

ATHRÚ STRUCHTÚRACH

Riamh anall go dtí na 1960í, agus ainneoin difríochtaí réigiúnacha, bhí bunús na gcainteoirí Catalóinise sa Chatalóin agus sna hOileáin Bhailéaracha i mbun idirchaidrimh i dtimpeallachtaí teangeolaíocha a bhí measartha aonchineálach inarbh í an Chatalóinis an t-aon teanga laethúil a bhí in úsáid le haghaidh cumarsáide idirphearsanta agus inarbh í an Chaistílis a bhí in úsáid sa riarachán poiblí agus i measc inimirceach, ar phobal é a bhí ag dul i méid i gcónaí. Anuas air sin, tharla 'iompú' teanga chomh maith mar gheall ar na mórmheáin a thug níos mó Caistílise isteach i dtithe príobháideacha agus mar gheall ar líon na gcainteoirí Caistílise a d'aistrigh isteach sa cheantar labhartha Chatalóinise ag idirmheascadh leis an phobal áitiúil. Murab ionann agus páistí a rugadh sna 1940í agus na 50í, agus ainneoin an Chatalóinis a bheith ag éirí níos coitianta sna scoileanna, d'fás páistí a rugadh idir na 1970í agus na 1990í i dtimpeallachtaí mar a raibh an Chaistílis níos forleithne, inar éirigh siad cleachtaithe leis an teanga sin ar bhonn níos luaithe agus níos fearr ná a dtuismitheoirí, agus ina raibh níos mó comhghleacaithe Caistílise ina suí taobh leo ar scoil. Bhí cainteoirí óga na Caistílise agus na Bascaise sa mhionlach laistigh dá réigiúin féin.

Is léir gur sna scoileanna ina bhfuil céatadán suntasach de chainteoirí dúchais Catalóinise agus Bascaise, agus gur sna scoileanna sin amháin, a úsáidtear na mionteangacha le haghaidh cumarsáide idirphearsanta: is léire fós gur sna scoileanna ina bhfuil na cainteoirí seo sa mhóramh mhór, agus sna scoileanna sin amháin, a úsáideann cainteoirí na Caistílise an Chatalóinis nó an Bhascais lena gcomhghleacaithe.

MORCHEISTEANNA CUMAIS

Tá léirithe sa taighde, cé gur éirigh le scoileanna sa dá cheantar cumas sa teanga a chur chun cinn, is féidir gur dhírigh siad barraíocht airde ar chur chun cinn na teanga caighdeánaí agus ar fhorbairt scileanna scríbh-neoireachta agus go ndearnadh leithcheal i dteagasc na scileanna idirphearsanta a d'fhéadfadh a bheith mar dhúshraith faoi athneartú fadtéarmach teanga. Chun an teanga a leathnú amach ar bhonn is éifeachtaí, ní mór an Chatalóinis agus an Bhascais a bheith mar dhlúth agus inneach ghníomhaíochtaí nach bhfuil aon bhaint acu leis an oideachas.

TIONSCNAIMH CHUN ÚSÁID IDIRPHEARSANTA TEANGA A SPREAGADH

Seo thíos cuid de na modhanna a úsáideadh chun úsáid idirphearsanta na Catalóinise agus na Bascaise a spreagadh:

Feasacht teanga a ardú

Sa chur chuige seo cuireadh teachtaireachtaí fabhracha amach trí fheachtais a bhí dírithe ar fheasacht a ardú maidir leis an ghá chun teangacha a chosaint agus a úsáid más mian linn iad a shábháil, gan dearmad a dhéanamh nach mór cumarsáid chuí a dhéanamh le daoine óga.

An teanga á cur chun cinn lasmuigh den seomra ranga

Sa chur chuige seo eagraítear coirmeacha ceoil, féiltí, comórtais teanga, campaí samhraidh, turasanna, cruinnithe idir scoileanna éagsúla; scríobhtar litreacha chuig mic léinn a bhfuil cónaí orthu i sráidbhailte labhartha Catalóinise; tugtar cuairteanna ar shráidbhailte agus ar mhargaí Catalóinise; bítear ag amharc ar scannáin agus ar chláir theilifíse Chatalóinise; bítear ag stopadh le teaghlaigh Bhascaise; cuirtear chun tosaigh úsáid ghnáthchaint na ndaoine agus comhrá aghaidh-le-haghaidh Idirlín. Faoi straitéis eile cuirtear mic léinn isteach i ngnólachtaí agus i suíomhanna oibre mar ar féidir leo idirghníomhú sa teanga agus bunaítear ranganna d'inimircigh nua.

An teanga á cur chun cinn trí ócáidí agus tháirgí a bhaineann le daoine óga

Sa chur chuige seo spreagtar daoine chun liricí amhrán a chumadh, chun bheith rannpháirteach in ullmhú agus i gcraoladh clár raidió áitiúil agus chun bheith rannpháirteach i léiriúcháin Teilifíse, amharclainne, phictiúrlainne agus i dtáirgeadh iriseáin, i gceardlanna nó i gcomórtais léitheoireachta agus ghrianghrafadóireachta.

Líonrú

I measc na dtionscnamh is déanaí bhí cláir chun teacht agus imeascadh mac léinn iasachta a éascú agus 'páirtnéiriú' idir cainteoirí dúchais agus foghlaimeoirí a thagann i gceann a chéile ar feadh 10 seachtaine ar a laghad chun an teanga a chleachtadh. Bunaíodh grúpaí measctha chomh maith chun comhthéacs idirghníomhaithe den chineál chéanna a sholáthar.

TÁTAIL ÓN CHATALÓINIS AGUS ÓN BHASCAIS

I gcás an dá theanga tá bearna ollmhór idir úsáid fhoirmeálta teanga i suíomhanna oideachais agus a húsáid mar mheán cumarsáide neamhfhoirmeálta i measc comhghleacaithe ógánta. Féadaidh sé go dtabharfaidh daoine óga droim láimhe leis an teanga mar gheall ar an ró-spleáchas ar chomhlachtaí oifigiúla - an scoil í féin, nó institiúidí oifigiúla eile - agus moltar do lucht spreagtha teanga, agus iad ag plé le daoine óga, gur gá a chinntiú nach ndéanann siad beag díobh ná caitheamh leo mar a bheadh páistí ann chun an spriocghrúpa acu a mhealladh.

Caibidil a Seacht - Tuaisceart Éireann
Pádraig Ó Riagáin

De réir daonáirimh agus suirbhéanna is idir 10% (Daonáireamh 2001) agus 18% (Suirbhé um Shoghluaiseacht Shóisialta 1996) an raon sna meastacháin den chéatadán de chainteoirí Gaeilge i dTuaisceart Éireann. Is é 1–2% den phobal, agus an céatadán sin amháin, a mhaíonn go bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu agus níl ach páirtlíofacht nó líofacht theoranta ag bunús na ndaoine a mhaíonn go bhfuil siad in ann Gaeilge a labhairt. Léiríonn na suirbhéanna uile gaol an-láidir a bheith ann idir comhcheangal reiligiúnach freagróirí agus a gcumas labhartha sa Ghaeilge. Is den traidisiún Caitliceach iad an bunús mór de Ghaeilgeoirí i dTuaisceart Éireann. Ach, toisc gan ach cúpla abhairt shimplí sa teanga a bheith ag 15% de Chaitlicigh, tá úsáid shóisialta na Gaeilge teoranta. Tá gaol láidir idir oideachas agus an Ghaeilge agus is ó na grúpaí gairme is airde ranga a thagann Gaeilgeoirí den chuid is mó.

TAIGHDE CÁILÍOCHTÚIL

I dtaighde a foilsíodh i 1991 (Gabrielle Maguire, *Our Own Language: An Irish Initiative*) agus a rinneadh sular bunaíodh meánscoileanna lán-Ghaeilge, diríodh ar bhunscoil lán-Ghaeilge a bhí lonnaithe i bpobal Gaeilge ar Bhóthar Seoigh, Béal Feirste. Léiríodh na nithe seo a leanas:

- Go raibh gníomhaíochtaí caitheamh aimsire páistí a bhí ag freastal ar an bhunscoil lán-Ghaeilge lonnaithe laistigh den phobal Ghaeilge agus go raibh siad bainteach le cairde scoile. Ach, de réir mar a chuaigh na daltaí in aois d'iompaigh siad ar an Bhéarla de ghnáth mar gheall ar an easpa de ghníomhaíochtaí caitheamh aimsire lán-Ghaeilge don aoisghrúpa seo.
- De ghnáth is i dtimpeallacht an Bhéarla a bhíonn gníomhaíochtaí caitheamh aimsire do dhéagóirí, amhail cumainn spóirt áitiúla, clubanna óige, dioscónna srl.
- Bhí an gaol idir an Béarla agus an piarchultúr ógánta bainteach leis na cineálacha ábhair a pléadh le comhghleacaithe m.sh. mheas daoine dátheangacha an Béarla a bheith níos oiriúnaí nó níos iomchuí mar mheán le haghaidh ábhair áirithe chomhrá (m.sh. caidrimh románsúla) agus go raibh an Ghaeilge 'míchuí'.
- D'fhág iompú na hógbhaidhe is sine i dtreo an Bhéarla, gur mó a nochtadh a siblíní níos óige d'úsáid an Bhéarla.

Sa staidéar a rinne Kevin McCafferty *Ethnicity and Language Change: English in (London) Derry, Northern Ireland (2001)*, inar imscrúdaíodh tionchar an eitneachais ar fhoirmiú canúna Béarla, léiríodh go bhfuil daoine óga leithscartha i dtéarmaí tíreolaíochta, pobail agus gníomhaíochta agus go bhfuil bearna theangeolaíoch shoiléir idir an dá phobal. Tháinig sé chun solais go mbíonn Protastúnaigh chun tosaigh de ghnáth maidir le nuálaíochtaí teanga a thabhairt chucu féin ó chodanna eile den tír, agus go dtarlaíonn, dá bharr seo, dibhéirsiú teangeolaíoch ar shiúl ó phobal móraimh Caitliceach na cathrach.

STAIDÉIR CHAINNÍOCHTÚLA

Ag tosú amach i 1998 agus gach bliain ó shin i leith tá sé mar aidhm ag *Northern Ireland Life and Times Surveys* 'dearcaí, luachanna agus tuairimí phobal Thuaisceart Éireann i leith réimse leathan de mhórcheisteanna beartais shóisialta a chur ar taifead'. Mar chuid den suirbhé seo tá mír dar teideal *Young Life and Times Surveys* ina bhfuil faisnéis atá oiriúnach don staidéar seo maidir le hiompar sóisialta ógbhaidhe. I 2006 fiafraíodh de dhaoine óga 16–18 mbliana d'aois: 'Cá mhéad dlúthchara atá agat, cairde ar féidir leat labhairt leo má bhíonn tú i dtrioblóid?' Mar fhreagra, mhaígh a mbunús mór (76%) idir beirt agus deichniúr dlúthchara a bheith acu. Laistigh den iomlán seo, thuairiscigh comhréireanna comhchosúla beirt go triúr dlúthchara a bheith acu (22%), ceathrar go cúigear (28%) agus seisear go deichniúr (26%).

Tá na cinntí seo ar aon dul le taighde idirnáisiúnta maidir le méid phiarghrúpaí ógánta. Sa suirbhé a rinneadh i 2003 léirítear go bhfaca breis agus leath na n-ógbhaidhe sa suirbhé a gcairde gach lá agus thuairiscigh a mbunús gur chónaigh a gcairde faoi achar tíreolaíoch gairid dóibh. Is iad cumainn spóirt agus chaitheamh aimsire an ghníomhaíocht is coitianta don phiarghrúpa.

TORTHAÍ AR SHUIRBHÉ PÍOLÓTACH

Mar thionscnamh speisialta den taighde láithreach, rinneadh staidéar turgnamhach beag (145 ceistneoir comhlánaithe) ar shampla daltaí ó 3 mheánscoil lán-Ghaeilge chun bunfhaisnéis a fháil faoi úsáid na Gaeilge le tuismitheoirí, siblíní, gaolta, cuairteoirí chun tí, cairde lasmuigh den bhaile agus i ngníomhaíochtaí agus eagraíochtaí éagsúla. Bhí athróga cúlra i gceist lena n-áirítear inscne, aois, fad ón scoil, cumas líofachta sa Ghaeilge agus teagmháil le daltaí scoile eile. Mhaígh aon trian acu go raibh oiread Gaeilge le Béarla á labhairt sa bhaile acu; dúirt 27% acu nár labhraíodh Gaeilge ar bith sa bhaile. Maidir le rannpháirtíocht i gcomhrá inar úsáideadh an Ghaeilge luaigh 58% acu siblíní, 30% acu tuismitheoirí agus 20% acu daoine fásta eile.

Mar fhreagra ar an cheist 'Cén teanga a úsáideann tú de ghnáth agus tú i mbun comhrá le do chairde lasmuigh den scoil?' dúirt a leath nach mór (47%) gurb é an Béarla an teanga a úsáidtear de ghnáth agus dúirt 27% eile gurb é an Béarla 'is mó' a úsáidtear. Dá bhrí sin, is thart ar aon cheathrú acu amháin a mhaíonn gurb í an Ghaeilge a bhíonn in úsáid sa ghnáthchomhrá agus, as a measc siúd, mhaígh a mbunús go mbíonn an Ghaeilge agus an Béarla in úsáid acu i gcomhréireanna comhionanna seachas Gaeilge amháin a úsáid. Is beag difear idir buachaillí agus cailíní ina leith seo. Is é an t-athróg is mó a chomhghaolaigh le húsáid na Gaeilge i measc cairde, áfach, ná leibhéal úsáidte na Gaeilge sa bhaile a tuairiscíodh. As a measc siúd a thuairiscigh úsáid na Gaeilge sa bhaile acu leathchuid den am ar a laghad, tuairiscíonn 51% acu an leibhéal céanna d'úsáid na Gaeilge lena gcairde. Ach, as a measc siúd a thuairiscíonn gurb é an Béarla a bhíonn á labhairt bunús an ama nó i gcónaí sa bhaile, is é 17% acu, agus 17% amháin, a thuairiscigh gur labhair siad an Ghaeilge lena gcairde. Is ionann, nach mór, an chomhréir (32%) de na rannpháirtithe sa suirbhé a ghlac páirt i ngníomhaíochtaí nó in eagraíochtaí inar úsáideadh an Ghaeilge agus an chomhréir (27%) a labhair Gaeilge lena gcairde. Ach, níor den ghrúpa chéanna freagróirí iad. Is é thart ar 10% den sampla, agus 10% amháin, a d'úsáid an Ghaeilge ag dianleibhéil le cairde agus a ghlac páirt i ngníomhaíochtaí agus in eagraíochtaí inar úsáideadh an Ghaeilge. Is iad na gníomhaíochtaí is mó a luadh inar úsáideadh an Ghaeilge ná spóirt (48%), imeachtaí a bhain leis an scoil (34%), clubanna óige (27%) agus eagraíochtaí Gaeilge (27%).

Murab ionann agus úsáid neamhfhoirmeálta i measc cairde, bhí roinnt difríochtaí suntasacha i measc an tsampla sna rátaí rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí eagraithe Gaeilge. Mar shampla, ba dhóichí go mór buachaillí (42%) ná cailíní (20%) a bheith rannpháirteach. Tarlaíonn seo, den chuid is mó, toisc gur lú an líon cailíní a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí spóirt ina n-úsáidtear an Ghaeilge, i gcomparáid le buachaillí. Ach, is dóichí cailíní (43%) ná buachaillí (23%) a bheith rannpháirteach i gcumainn óige agus in eagraíochtaí Gaeilge.

I gcás freagróirí nár thuairiscigh gur ghlac siad páirt i ngníomhaíochtaí nó in eagraíochtaí inar úsáideadh an Ghaeilge, iarradh orthu a mhíniú cad chuige. Dúirt thart ar 30% den ghrúpa seo nár shuim leo gníomhaíochtaí den chineál. Ach, chuir bunús an ghrúpa (65%) in iúl nár ghlac siad páirt toisc gan gníomhaíochtaí den chineál a bheith sna ceantair acu. Is fiú nótáil dá mbeadh rannpháirtíocht na gcainteoirí óga Gaeilge ar aon dul leis an líon le haghaidh rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí agus in eagraíochtaí a luaitear sna *Young Life and Times Surveys*, ansin is é 66% den sampla an líon rannpháirtithe is dócha a bheadh ann. Seo dhá oiread na comhréire a thuairiscigh sa taighde (32%) gur ghlac siad páirt i ngníomhaíochtaí inar úsáideadh an Ghaeilge.

Caibidil a hOcht - Idirphlé agus Tátail

Ainneoin go bhfuil difríochtaí suntasacha idir na pobail mhionteanga a ndearnadh suirbhé orthu sna caibidlí roimhe seo (Tuaisceart Éireann, Poblacht na hÉireann, an Bhreatain Bheag, an Chatalóin agus Tír na mBascach), tá siad uile araon buartha faoin fhadhb atá ag croí na tuarascála seo. D'éirigh leis an pobail uile seo cur le líon na bpáistí sna tumchláir oideachais. De ghnáth ní labhraíonn na daltaí seo an mhionteanga mar mháthairtheanga agus, i gcás cuid mhaith acu, ní bhíonn aon chur amach acu ar an mhionteanga nuair a thosaíonn siad ar an scoil nó ar an naíscoil. Léiríonn gach fianaise atá ar fáil gur éirigh thar barr leis na scoileanna agus na cláir seo cuidiú lena ndaltaí ardleibhéil líofachta a bhaint amach sa mhionteanga, cé gurb í an dara teanga ag a mbunús í. Os a choinne sin, táthar uile buartha gur beag tionchar atá ag an chumas shealbhaithe seo sa sprioctheanga ar rátaí úsáidte na teanga i saol sóisialta na ndaltaí.

Is i suíomhanna scoile de ghnáth a shnaidhmtear caradas, ach is i suíomhanna neamhscoile a dhéantar na caidrimh seo a dhaingniú. Dá bhrí sin, tá an comhthéacs neamhscoile ríthábhachtach más í an sprioc dheiridh í líonraí labhartha inbhuanaithe Gaeilge a bhunú. Cé gur gá taighde is sainiúla a dhéanamh ar an ábhar, tugann an t-ábhar a cíoradh sa tuarascáil seo léargas dúinn ar roinnt tosca ábhartha.

AN LÍON DAOINE AGUS TAIRSEACHA

In beagnach gach staidéar a luaitear sa tuarascáil seo, léirítear nach ionann cásanna inarb iad cainteoirí mionteanga an móramh áitiúil agus cásanna nach iad. Nótálann Glynn Williams (Caibidil 4) 'mar is dlúithe líon na gcainteoirí Breatnaise sa ghréasán shóisialta, mar is mó an deis agus an claonadh i measc bhaill an ghréasáin an Bhreatnais a úsáid' agus tá a leathbhreac le fáil in Éirinn nuair a chuirtear úsáid na Gaeilge i gcroí-cheantair Ghaeltachta i gcomparáid lena húsáid sna ceantair siúd atá forimeallach leo. Díríonn na breathnuithe ar a thábhachtaí agus atá 'mais chriticiúil' i dtéarmaí líon na gcainteoirí. D'fhonn a bheith inbhuanaithe agus fanacht amhlaidh caithfidh líon áirithe de theaghlaigh rannpháirteacha a bheith ag scoileanna lán-Ghaeilge laistigh den scoilcheantar acu, agus tá an scéal amhlaidh maidir leis an iliomad sin d'eagraíochtaí agus de gníomhaíochtaí a úsáideann an Ghaeilge. Ach, má amharcann muid ar scála earnáil na Gaelscolaíochta i dTuaisceart Éireann, ní cinnte go bhfuil an líon daltaí atá ann ard go leor chun gníomhaíochtaí pobalbhunaithe seachas gníomhaíochtaí scoilbhunaithe a fhorbairt. Féadfaidh sé, dá bhrí sin, in idirghabhálacha beartais den chineál seo, go gcaithfear ógbhaidhe ó scoileanna eile a ionchorprú, mar shampla na scoileanna a theagascann an Ghaeilge mar ábhar.

ÚSÁID NA GAEILGE SA BHAILE

Léiríonn taighde go n-imríonn daoine fásta tionchar nach beag ar an dóigh a bhfeidhmíonn piarghrúpaí ógbhaidhe. Sa staidéar a rinne Bo (Caibidil 2) fuarthas amach gur de chroí-bhaill teaghlaigh, de roinnt dlúthchairde roghnaithe agus de bhaill an teaghlaigh fhorleathnaithe a bhí an chrios dlúthchairdis is mó i ngréasáin shóisialta ógbhaidhe comhdhéanta. Léiríodh sa suirbhé píolótach (Caibidil 6) gurb iad na daltaí a thuairiscigh leibhéal úsáidte na Gaeilge a bheith thar an mheán sa bhaile ba dhóichí a thuairisceodh leibhéal úsáidte na Gaeilge a bheith thar an mheán lena gcairde chomh maith.

CEIST MAIDIR LE 'CUMAS'

De réir taighde tá gaol idir úsáid teanga lasmuigh den scoil agus an cumas chun an teanga a úsáid laistigh de chomhthéacsanna neamhscoile. Má bhíonn an baile mar pháirtnéir gníomhach sa phróiseas idirchaidrimh teanga, is féidir go mbeidh an cháilíocht foghlama teanga sa chás seo éagosúil leis an chaighdeán i gcás daoine atá ag brath ar an scoil amháin. Thaispeáin an tOllamh Vila (Caibidil 5), i gcás daltaí a thagann ó bhailte nach mbíonn aon Chatalóinis/Bhascais á labhairt iontu - agus ainneoin an tumoideachais - go fóill féin

go bhféadfadh sé nach mbeadh 'na scileanna teangeolaíocha (foclóir, stíl srl) acu chun tabhairt faoi úsáid teanga ar bhonn neamhfhoirmeálta idirphearsanta i measc piar'. N'fheadar, dar leis, 'ar chaith scoileanna barraíocht airde ar an teanga chaighdeánach a chur chun cinn, ar scileanna teanga scríofa a fhorbairt...' agus éilíonn sé go ndéanfaí athbhreithniú ar cheist an chumais, i scoileanna tumoideachais fiú.

AN TÁBHACHT A BHAINEANN LEIS AN CHOMHTHÉACS SHOCHEACNAMAÍOCH

De réir taighde, tá tionchar ag aicme shóisialta daltaí agus ag an fhad ama a chaitheann siad i mbun oideachais ar cé acu a chinnfidh siad nó nach gcinnfidh siad staidéar a dhéanamh ar an Ghaeilge. Imríonn na tosca seo tionchar chomh maith ar an chlaonadh chun Gaeilge a úsáid lasmuigh den scoil. Tá baint ag treoshuíomh daltaí i dtreo earnálacha éagsúla laistigh den mhargadh fostaíochta, mar shampla roghnú ar dhul ar ollscoil nó ar dhul i mbun fostaíochta ar fhágáil scoile dóibh, tá baint aige seo le cleachtas teangeolaíoch (Caibidil 2). Ní mór cúlra socheacnamaíoch daltaí agus a ngaol leis an mhargadh fostaíochta a ghlacadh ar bord nuair atá ple á dhéanamh maidir le foirmiú gréasán sósialta Gaeilge lasmuigh de thimpeallacht na scoile.

ROINNT FÉIDEARTHACHTAÍ LE HAGHAIDH IDIRGHABHÁIL BHEARTAIS

Creidtear ról a bheith ag gníomhaíochtaí struchtúrtha iarscoile chun an scoil a nascadh leis an chomhthéacs lasmuigh den scoil, agus chun na piarghréasáin labhartha Ghaeilge a foirmíodh ar scoil a neartú dá réir. Céim thábhachtach is ea é caidrimh a bhunú lasmuigh den scoil i dtaca le 'sóisialú' ógbhaidhe agus cuireann sé comhthéacs neamhfhoirmeálta ar fáil inar féidir scileanna teangeolaíocha cuí a fhorbairt agus a choinneáil le himeacht aimsire.

TÁTAIL

Dá bhrí sin, d'fhonn an leas is fearr is féidir a bhaint as beartas agus soláthar rialtais i dTuaisceart Éireannn, maítear gur chóir tabhairt faoi na nithe seo a leanas in aon bheartas, struchtúir agus ghníomhaíochtaí atá á mbeartú:

- Ainneoin gur gnáth smaoineamh ar 'ógchultúr' mar rud éigin atá glanscartha amach ón tsochaí phríomhshrutha, tá léirithe i dtaighde arís agus arís eile go leanann daoine fásta (tuismitheoirí agus daoine suntasacha eile) de thionchar tábhachtach a bheith acu ar chleachtas teanga dhaoine óga;
- Sna staidéir uile a ndearnadh athbhreithniú orthu sa tuarascáil láithreach seo cuireadh béim ar thábhacht theanga an bhaile mar chroí-thoisc i ngach comhthéacs. Dá réir sin, fiú i straitéis bheartais a dhíríonn ar úsáid teanga i ngréasáin shóisialta ógbhaidhe, tá sé tábhachtach go dtugtar tacaíocht dá dteaghlaigh;
- I dtaca le gníomhaíochtaí agus eagraíochtaí neamhscoile de, is den tábhacht é go gcuirfear tairseacha inbhuanaithe, nó cúrsaí maise san áireamh in aon phleanáil atá á beartú. Ag an leibhéal áitiúil, féadaidh sé bheith tábhachtach leas a bhaint as comhacmhainneacht dhaltaí gaelscolaíochta agus dhaltaí ó scoileanna Béarla;
- Tá ceisteanna maidir le haois agus inscne chomh tábhachtach lena chéile. Sa suirbhé a rinneadh mar chuid den staidéar láithreach léirítear go soiléir, i dtaca le gníomhaíochtaí eagraithe ina bhfuil an Ghaeilge in úsáid, nach bhfuil an tacaíocht chéanna ar fáil do chailíní agus de na hógbhaidhe is sine agus atá dá gcomhghleacaithe fir agus dá gcomhghleacaithe is óige;
- Tá naisc idir scoileanna agus an margadh fosaíochta thar a bheith tábhachtach. Tá léirithe i staidéir thaighde go leor go bhfuil úsáid teanga sa láthair oibre chomh tábhachtach céanna maidir le gréasáin Ghaeilge a spreagadh agus a choinneáil i measc ógbhaidhe agus atá gaelscoileanna le haghaidh daltaí is óige.

AN DIMINSEAN IDIRNÁISIÚNTA

I dtaca le staidéir amach anseo de, moltar go gcoimeádfar an neart a eascraíonn as taighde a roinnt ar bhonn idirnáisiúnta sa dóigh is nach mbeidh aon dúbláil ann ná aon ilroinnt ar iarrachtaí lucht taighde.